Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Eanáir 2025**
**(OR. en)**

**5765/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0021(COD)**

**POLCOM 9**
**AGRI 37**
**UD 10**
**COEST 78**
**AGRIFIN 9**
**CODEC 80**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Eanáir 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 34 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le modhnú a dhéanamh ar na dleachtanna custaim is infheidhme i dtaca le hallmhairí earraí áirithe de thionscnamh Chónaidhm na Rúise nó Phoblacht na Bealarúise nó onnmhairithe go díreach nó go hindíreach uathu |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 34 final.

Faoi iamh: COM(2025) 34 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 28.1.2025
COM(2025) 34 final

2025/0021 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le modhnú a dhéanamh ar na dleachtanna custaim is infheidhme i dtaca le hallmhairí earraí áirithe de thionscnamh Chónaidhm na Rúise nó Phoblacht na Bealarúise nó onnmhairithe go díreach nó go hindíreach uathu**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Is é is cuspóir don togra seo le haghaidh rialacháin, i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 17 Deireadh Fómhair 2024[1], méadú a dhéanamh ar na dleachtanna custaim is infheidhme maidir le hallmhairí earraí talmhaíochta áirithe a aicmítear faoi láthair faoi Chaibidlí 1, 2, 4 go 24, 29, 33, 35, 38, 41, 43, 50, 51, 52 agus 53 den Ainmníocht Chomhcheangailte (AC) chomh maith le leasacháin áirithe a aicmítear faoi Chaibidil 31 de AC faoi láthair, ar de thionscnamh Chónaidhm na Rúise nó Phoblacht na Bealarúise iad nó onnmhairithe go díreach nó go hindíreach uathu. Leis an togra, cuirtear go mór agus le héifeacht láithreach leis na taraifí allmhairiúcháin is infheidhme maidir le hearraí talmhaíochta ó Chónaidhm na Rúise nó ó Phoblacht na Bealarúise, agus tiocfaidh méadú de réir a chéile ar tharaifí ar leasacháin, thar idirthréimhse 3 bliana. Ina theannta sin, bheadh na hearraí sin de thionscnamh Chónaidhm na Rúise nó Phoblacht na Bealarúise nó onnmhairithe go díreach nó go hindíreach uathu faoi urchosc ó rochtain ar tharaif-chuótaí an Aontais.

In 2023, 2.9 milliún tona a bhí in allmhairí an Aontais d'earraí talmhaíochta ó Chónaidhm na Rúise a chumhdaítear leis an rialachán atá beartaithe ('na hearraí talmhaíochta lena mbaineann') agus bhí luach EUR 380 milliún ag na hallmhairí sin (de réir shonraí Eurostat). Tá éagsúlacht mhór idir taraifí *erga omnes* an Aontais (i.e. taraifí an náisiúin barrfhabhair atá á gcur i bhfeidhm faoi láthair) ar na hearraí talmhaíochta sin lena mbaineann. Níl aon earraí talmhaíochta á dtrádáil cheana a thabhaíonn taraifí arda náisiúin barrfhabhair. Os a choinne sin, maidir le hearraí talmhaíochta ó Chónaidhm na Rúise nach dtabhaíonn aon taraifí náisiúin barrfhabhair nó nach dtabhaíonn ach taraifí ísle náisiúin barrfhabhair, tá siad fós á n-allmhairiú isteach san Aontas toisc nach bhfuil aon bhacainn taraife shubstaintiúil náisiúin barrfhabhair ann maidir lena dteacht isteach i margadh an Aontais.

In 2023, b'ionann na cineálacha leasachán a chumhdaítear leis an rialachán atá beartaithe ('na leasacháin lena mbaineann') agus os cionn 70 % d'úsáid foriomlán leasacháin san Aontas. De réir Eurostat, 14 mhilliún tona a bhí sna hallmhairí ó gach tríú tír, agus áiríodh leo sin allmhairí ó Chónaidhm na Rúise arbh ionann iad agus 3,6 milliún tona (ar fiú EUR 1,28 billiún iad) — mar sin, os cionn 25 % d'allmhairí iomlána an Aontais (de réir tonnáiste). Comhlíonann táirgeoirí an Aontais an chuid eile d'éileamh an Aontais ar na cineálacha leasachán sin, agus 8 milliún tona a bhí in onnmhairí an Aontais de na táirgí sin chuig an gcuid eile den domhan in 2023. I gcás na leasachán uile lena mbaineann, socraítear taraifí *erga omnes* an Aontais (i.e. taraifí an náisiúin barrfhabhair atá á gcur i bhfeidhm faoi láthair) ag 6,5 %, ar ráta íseal é agus nach bac suntasach é ar leasacháin a allmhairiú ó Chónaidhm na Rúise isteach san Aontas.

Is ionann allmhairiú reatha na n-earraí talmhaíochta agus na leasachán lena mbaineann agus spleáchas ar Chónaidhm na Rúise, rud a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do shlándáil bia an Aontais mura dtabharfaí aghaidh air, agus, go háirithe i gcás leasachán, rud a d'fhágfadh go mbeadh an tAontas an-leochaileach do ghníomhaíochtaí comhéigneacha a d'fhéadfadh Cónaidhm na Rúise a dhéanamh. Tá méadú ag teacht cheana féin ar allmhairí na leasachán lena mbaineann ó Chónaidhm na Rúise agus d'fhéadfaí dlús a chur leis an méadú sin dá ndéanfaí méideanna suntasacha a atreorú chuig an Aontas, ós rud é go dtáirgeann Cónaidhm

[1] https://www.consilium.europa.eu/media/2pebccz2/20241017-euco-conclusions-en.pdf

na Rúise méideanna an-mhór de na leasacháin lena mbaineann. Chuirfeadh allmhairí méadaithe féideartha den sórt sin ó Chónaidhm na Rúise isteach ar mhargadh an Aontais sna hearraí sin agus dhéanfadh siad dochar do tháirgeoirí leasacháin nítrigine an Aontais, a bhfuil deacrachtaí acu dul in iomaíocht le hallmhairí ó Chónaidhm na Rúise tráth a bhfuil praghsanna gáis san Aontas fós ard. Tá marthanacht fhadtéarmach thionscal leasacháin nítrigine an Aontais ríthábhachtach do shlándáil bia an Aontais toisc go bhfuil na leasacháin atá i gceist fíor-riachtanach chun plandaí a fhás agus toisc go bhfuil ról ríthábhachtach acu maidir le cumas earnáil talmhaíochta an Aontais bia a tháirgeadh a choinneáil ar bun. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar an spleáchas ar allmhairí na leasachán lena mbaineann ó Chónaidhm na Rúise, a bhfuil méadú ag teacht orthu, agus inmharthanacht thionscal uathrialach leasacháin nítrigine an Aontais a chaomhnú chun slándáil bia an Aontais a áirithiú agus a choinneáil ar bun. Níl leibhéal reatha allmhairí na n-earraí talmhaíochta lena mbaineann inchomparáide leis an leibhéal a bhaineann leis na leasacháin lena mbaineann, ach fágann staid reatha an chaidrimh idir an tAontas agus Cónaidhm na Rúise gur cheart cosc a chur ar fhorbairt an spleáchais amach anseo. Ní féidir a áirithiú, áfach, nach dtarlóidh sé sin má fhanann na taraifí ar na hearraí talmhaíochta lena mbaineann ag na leibhéil atá ann faoi láthair.

Thairis sin, leis na bearta taraife atá beartaithe, d'áiritheofaí nach mbainfeadh Cónaidhm na Rúise tairbhe tráchtála as leanúint le honnmhairí den sórt sin chuig an Aontas. Bheadh an méid sin comhsheasmhach le leasanna an Aontais agus le dlí agus beartais an Aontais, go háirithe iad siúd a chuirtear i bhfeidhm maidir le Cónaidhm na Rúise agus Poblacht na Bealarúise i gcomhthéacs an fhogha gan chúis gan údar a thug Cónaidhm na Rúise faoin Úcráin agus na tacaíochta a thugann Poblacht na Bealarúise di i gcónaí.

Onnmhairíonn Poblacht na Bealarúise cainníochtaí teoranta de na hearraí talmhaíochta agus leasacháin lena mbaineann (EUR 92 mhilliún d'earraí talmhaíochta agus EUR 29,6 milliún de leasacháin in 2023). Dá bhrí sin, ní táirgeoir ná onnmhaireoir tábhachtach ar na hearraí sin í. Mar sin féin, cumhdaítear Poblacht na Bealarúise freisin i raon feidhme an rialacháin atá beartaithe, mar gheall ar a dlúthnaisc pholaitiúla agus eacnamaíocha le Cónaidhm na Rúise agus chun atreorú neamhdhleathach agus calaoiseach na n-allmhairí ó Chónaidhm na Rúise trí Phoblacht na Bealarúise a chosc i gcás nach ndéanfaí athrú ar tharaifí an Aontais ar allmhairí na n-earraí lena mbaineann de thionscnamh Phoblacht na Bealarúise nó a allmhairítear uaithi. I bhfianaise an chaidrimh leanúnaigh idir Poblacht na Bealarúise agus Cónaidhm na Rúise agus na trádála méadaithe eatarthu, is iomchuí caitheamh le táirgí ó Phoblacht na Bealarúise ar an gcaoi chéanna agus a chaitear le táirgí ó Chónaidhm na Rúise.

Leis an rialachán atá beartaithe, mhéadófaí na taraifí ar na hearraí lena mbaineann ar de thionscnamh Chónaidhm na Rúise nó Phoblacht na Bealarúise iad nó a onnmhairítear go díreach nó go hindíreach ó Chónaidhm na Rúise nó ó Phoblacht na Bealarúise go leibhéal atá ard go leor chun stop a chur le hallmhairiú na n-earraí sin. Maidir leis na hearraí talmhaíochta uile lena mbaineann, thiocfadh méadú 50 % ar dhleacht *ad valorem* ar allmhairí ó Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na Bealarúise chuig an Aontas. Chun teacht isteach na n-earraí talmhaíochta lena mbaineann de thionscnamh Chónaidhm na Rúise nó Phoblacht na Bealarúise, nó a onnmhairítear go díreach nó go hindíreach uathu, i margadh an Aontais ag na rátaí níos ísle is infheidhme faoi chuótaí rátaí taraife an Aontais a chosc, is gá freisin earraí de thionscnamh Chónaidhm na Rúise agus Phoblacht na Bealarúise, nó earraí a onnmhairítear go díreach nó go hindíreach uathu, a eisiamh ó chur i bhfeidhm taraifí laghdaithe faoi na cuótaí sin. Maidir leis na leasacháin lena mbaineann, sa bhreis ar an dleacht *ad valorem* 6.5 % atá ann cheana, bheadh an taraif faoi réir dleacht shonrach bhreise a mhéadódh de réir a chéile, ag tosú ag EUR 40 nó EUR 45 in aghaidh an tona, ag brath ar an gcineál leasacháin (rud a

chomhfhreagraíonn do thart ar 13 % i gcoibhéis *ad valorem*), go leibhéal toirmeascach EUR 315 nó EUR 430 in aghaidh an tona faoi seach, 3 bliana tar éis thús chur i bhfeidhm an rialacháin atá beartaithe (leibhéal a chomhfhreagraíonn do thart ar 100 % i gcoibhéis *ad valorem*). Laistigh den idirthréimhse 3 bliana, tabharfar isteach na taraifí sin ar leibhéal toirmeascach freisin i gcás ina n-allmhairítear earraí ó Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na Bealarúise os cionn méideanna sonraithe áirithe.

Níl coinne leis go mbeidh tionchar diúltach ag an Rialachán atá beartaithe ar an tslándáil bia dhomhanda. Ar an gcéad dul síos, ní bheadh feidhm ag an méadú ar tharaifí an Aontais ach amháin maidir le hallmhairí isteach san Aontas agus, dá bhrí sin, ní dhéanfadh sé difear d'idirthuras na n-earraí lena mbaineann ó Chónaidhm na Rúise ná ó Phoblacht na Bealarúise trí chríoch an Aontais chuig tríú tíortha. Ar an dara dul síos, tá coinne leis go laghdóidh an méadú ar dhleachtanna allmhairiúcháin an Aontais sreafaí na n-allmhairí sin isteach san Aontas go suntasach, rud a mhéadóidh go hiarbhír cainníochtaí na n-earraí lena mbaineann atá ar fáil do thríú tíortha — agus go háirithe do thíortha i mbéal forbartha.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Baineann forchur taraifí allmhairiúcháin ar na hearraí lena mbaineann le Comhbheartas Tráchtála an Aontais a leagtar síos in Airteagail 206 agus 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Comhfhreagraíonn sé do 'athruithe ar rátaí taraife' dá bhforáiltear in Airteagal 207(1) CFAE agus cuireann sé leis an rogha cóir an náisiúin barrfhabhair a dhiúltú do tháirgí de thionscnamh Chónaidhm na Rúise a léiríodh sa 'Ráiteas Comhpháirteach maidir le Fogha ó Chónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine le tacaíocht ón mBealarúis' a rinne an tAontas agus roinnt Comhaltaí eile den Eagraíocht Dhomhanda Trádála sa Ghinéiv an 17 Márta 2022[2]. Cuireadh é sin i bhfeidhm cheana féin i roinnt rialachán, lena n-áirítear an rialachán lenar fhorchuir an tAontas rátaí taraife níos airde ar allmhairí earraí talmhaíochta áirithe ó Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na Bealarúise[3].

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Na méaduithe beartaithe i ndleachtanna custaim ar earraí talmhaíochta agus leasacháin áirithe de thionscnamh Chónaidhm na Rúise agus Phoblacht na Bealarúise nó a onnmhairítear uathu a liostaítear sa togra seo, bheadh méaduithe den sórt sin i gcomhréir leis na bearta sriantacha a ghlac an tAontas in aghaidh na dtíortha sin tar éis fhogha míleata Chónaidhm na Rúise gan chúis gan údar i gcoinne na hÚcráine agus mar gheall ar an tacaíocht atá fós á tabhairt ag an mBealarúis d'fhogha Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, chomhlíonfadh na méaduithe ar tharaifí atá beartaithe sa rialachán seo an ceanglas faoi Airteagal 21(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach chun comhsheasmhacht a áirithiú idir réimsí éagsúla de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais. Bheadh an méid sin ag teacht freisin le hAirteagal 207(1) CFAE, lena bhforáiltear go ndéanfar an Comhbheartas Tráchtála i gcomhthéacs phrionsabail agus chuspóirí ghníomhaíochtaí seachtracha an Aontais.

---

[2] https://www.eeas.europa.eu/delegations/world-trade-organization-wto/joint-statement-aggression-russian-federation-against-ukraine-support-belarus_en

[3] Rialachán (AE) 2024/1652 ón gComhairle an 30 Bealtaine 2024 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 207(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh bunús dlí an togra.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Sainmhínítear an Comhbheartas Tráchtála, i gcomhréir le hAirteagal 3(1)(e) de CFAE, mar inniúlacht eisiach de chuid an Aontais, mar sin níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Tá gá leis an rialachán seo atá beartaithe chun an Comhbheartas Tráchtála a chur chun feidhme, agus é mar chuspóir allmhairí an Aontais ó Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na Bealarúise a laghdú. Is é is cúis leis an laghdú sin an imní go ndéanann na hallmhairí sin na spleáchais atá ann cheana a dhoimhniú agus, dá bhrí sin, go bhfuil tionchar diúltach acu ar shlándáil bia an Aontais. Tá an rialachán atá beartaithe comhsheasmhach le prionsabal na comhréireachta agus ní théann sé thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí na gConarthaí a bhaint amach, go háirithe an gá atá lena áirithiú nach gcuirfidh na hearraí talmhaíochta agus na leasacháin lena mbaineann de thionscnamh Chónaidhm na Rúise agus Phoblacht na Bealarúise, nó onnmhairithe go díreach nó go hindíreach uathu, isteach ar mhargadh an Aontais do na hearraí sin ná ar dhea-fheidhmiú an Aontais Custaim. Dá bhrí sin, níor cheart rochtain a bheith ag na hearraí sin ar mhargadh an Aontais ar théarmaí atá chomh fabhrach leis na téarmaí a bhfuil feidhm acu maidir le hallmhairiú na n-earraí sin ó thríú tíortha eile. Áirithítear comhréireacht toisc go bhforáiltear leis an rialachán atá beartaithe go n-ardófaí na dleachtanna Comhtharaife Custaim is infheidhme maidir le hallmhairí ó Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na Bealarúise agus os rud é go bhfuil gá ann allmhairí den sórt sin a theorannú i gcás ina bhfuil na taraifí sin socraithe ag nialas faoi láthair, nó ina bhfuil siad íseal. Tá gá leis an méadú sin chun cumas Chónaidhm na Rúise agus Phoblacht na Bealarúise cur isteach ar dhea-fheidhmiú mhargaí bia an Aontais a laghdú. Leis an méadú atá beartaithe ar tharaifí, cuirtear teorainn le feidhmiú ceart bunúsach áirithe, ach ní dhéantar amhlaidh ach a mhéid is gá chun a chuspóirí a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Tá an togra seo i gcomhréir le hAirteagal 207(2) CFAE, lena mbeartaítear bearta Comhbheartais Tráchtála chun athruithe ar leibhéil taraifí a achtú i bhfoirm rialacháin.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post* / seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Neamhbhainteach.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach.

- **Measúnú tionchair**

I bhfianaise chumas reatha Chónaidhm na Rúise onnmhairithe earraí talmhaíochta áirithe, go háirithe na leasacháin lena mbaineann, a úsáid chun margaí an Aontais a dhíchobhsú, tionchar diúltach a imirt ar shlándáil bia an Aontais agus an bonn a bhaint d'aontacht an Aontais maidir le tacú leis an Úcráin; agus i bhfianaise thacaíocht Phoblacht na Bealarúise do ghníomhaíochtaí Chónaidhm na Rúise, tá sé tábhachtach go dtiocfadh an rialachán atá beartaithe i bhfeidhm go práinneach chun na rátaí dleachta is infheidhme maidir leis na hearraí lena mbaineann ó Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na Bealarúise a mhéadú a luaithe is féidir. Dá bhrí sin, ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair ar an rialachán atá beartaithe. Tá coinne leis, mar gheall ar an mbeart atá beartaithe, go dtiocfaidh laghdú suntasach ar allmhairí na dtáirgí lena mbaineann isteach san Aontas de thionscnamh Chónaidhm na Rúise agus Phoblacht na Bealarúise nó onnmhairithe go díreach nó go hindíreach uathu, agus ó tharla sin amhlaidh, go ndéanfar tuilleadh éagsúlú ó thaobh foinsiú na n-earraí sin de toisc nach mbeidh siad á bhfoinsiú ó Chónaidhm na Rúise ná ó Phoblacht na Bealarúise.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní chuireann an beart ualach díréireach rialála ar chuideachtaí ná ar na húdaráis phoiblí.

- **Cearta bunúsacha**

Tá an togra comhleanúnach le beartas an Aontais um chearta an duine agus leis an gCairt um Chearta Bunúsacha. I gcás ina mbeidh tionchar, san Aontas, ag forchur na ndleachtanna allmhairiúcháin ar an tsaoirse chun dul i mbun trádáil idirnáisiúnta faoi chuimsiú na saoirse chun gníomhaíocht ghairmiúil a dhéanamh, ar an gceart chun maoine nó ar chearta bunúsacha eile, lena n-áirítear cóir chomhionann, measfar gur gníomhaíocht dhlisteanach de chuid an Aontais é an forchur seo atá i gcomhréir leis an gCairt um Chearta Bunúsacha. Is amhlaidh atá toisc go ndéantar an ghníomhaíocht sin i gcomhréir leis na ceanglais maidir leis an ngníomhaíocht atá le déanamh ar bhonn bunús dlí cuí; ag na húdaráis inniúla; agus chun an cuspóir dlisteanach a shaothrú maidir le hallmhairí earraí áirithe ó Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na Bealarúise a chur faoi mhíbhuntáiste tráchtála chun éagsúlú soláthairtí ón dá thír sin a chothú trí tháirgeadh intíre níos mó san Aontas agus allmhairí malartacha ó thríú tíortha eile a chur chun cinn. Leis an rialachán atá beartaithe, chuirfí cosc freisin ar shuaitheadh tromchúiseach na margaí ábhartha agus ar armáil onnmhairithe na n-earraí lena mbaineann ag Cónaidhm na Rúise agus Poblacht na Bealarúise; agus d'áiritheofaí feidhmiú cuí mhargaí an Aontais ar bhealach a bheadh comhsheasmhach le bearta gníomhaíochta seachtraí reatha an Aontais agus le prionsabal na comhréireachta araon. Go sonrach, maidir le cóir chomhionann, freagraíonn an méid sin le ceann de chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, toisc go bhforchuirtear dleachtanna allmhairiúcháin méadaithe ar allmhaireoirí earraí talmhaíochta agus leasachán áirithe de thionscnamh Chónaidhm na Rúise nó Phoblacht na Bealarúise nó onnmhairithe go díreach nó go hindíreach uathu – ach ní ar allmhaireoirí táirgí nach de thionscnamh Chónaidhm na Rúise ná Phoblacht na Bealarúise iad ná nach bhfuil onnmhairithe go díreach nó go hindíreach uathu. Is é sin cuspóir beartais dlisteanach an Aontais allmhairí den sórt sin ó Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na Bealarúise a laghdú, agus margaí an Aontais a chosaint ar mhí-úsáid na trádála sna hearraí lena mbaineann atá beartaithe chun margaí an Aontais nó cobhsaíocht pholaitiúil agus dlúthpháirtíocht an Aontais a dhíchobhsú.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an rialachán atá beartaithe ar chaiteachas agus ní bheidh tionchar airgeadais an-teoranta aige ar ioncam. Ar chur i bhfeidhm iomlán an rialacháin atá beartaithe, meastar nach mbaileofar ach fíorbheagán dleachtanna custaim méadaithe a chomhfhreagraíonn do na méaduithe atá beartaithe (gar do nialas) toisc gur dócha go laghdóidh an méadú atá beartaithe ar dhleachtanna na sreafaí allmhairí ó Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na Bealarúise go méideanna diomaibhseacha.

Os a choinne sin, d'fhéadfaí a bheith ag súil le roinnt caillteanas buiséid toisc gur dócha go dtiocfadh laghdú ar na hacmhainní dílse a ghinfí do bhuiséad an Aontais. Bheadh luach beacht na gcaillteanas buiséid ag brath ar an gcaoi a ndéanfaí allmhairí ó Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na Bealarúise a ionadú. Ar thaobh amháin, dá ndéanfaí táirgeadh intíre laistigh den Aontas nó allmhairí fabhracha (go háirithe leasacháin ón Ailgéir agus ón Éigipt) a chur in ionad na n-allmhairí sin, laghdófaí acmhainní dílse. Ar an taobh eile, dá gcuirfí allmhairí méadaithe ó thríú tíortha eile nach comhpháirtithe fabhracha iad ina n-ionad, ní laghdófaí acmhainní dílse toisc go gcruthódh na hallmhairí breise nua sin an leibhéal céanna Comhtharaife Custaim leis na hallmhairí ó Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na Bealarúise a mbeidís ag teacht ina n-ionad. A luaithe a bheidh an rialachán atá beartaithe i bhfeidhm go hiomlán, meastar, dá bhrí sin, gurb ionann an éifeacht ar acmhainní dílse traidisiúnta bhuiséad an Aontais agus caillteanas suas le EUR 84 mhilliún (i.e. 75 % d'ioncam taraife iomlán 2023 de EUR 112 mhilliún) i gcás ina gcuirfear táirgeadh intíre agus allmhairí fabhracha an Aontais in ionad allmhairí uile an Aontais atá ann cheana ó Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na Bealarúise.

Is trí bhíthin Ollioncam Náisiúnta (OIN) na mBallstát, agus é bunaithe ar ranníocaíochtaí acmhainní dílse, a chúiteofar caillteanas ioncaim in acmhainní dílse traidisiúnta ar chur i bhfeidhm iomlán an bhirt. Mar sin féin, le linn na chéad 3 bliana de chur i bhfeidhm na mbeart atá beartaithe, meastar go ndéanfaí na caillteanais ioncaim a bhaineann le méideanna allmhairithe níos ísle a fhritháireamh go páirteach nó fiú go hiomlán le hioncaim taraife bhreise atá nasctha le taraifí níos airde ar na hallmhairí leasachán nítrigin-bhunaithe atá fágtha ó Chónaidhm na Rúise nó ó Phoblacht na Bealarúise. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí a bheith ag súil leis, le linn na tréimhse tosaigh 3 bliana sin, go mbeadh glanchaillteanas ioncaim na n-earraí sin in acmhainní dílse traidisiúnta gar do nialas.

Leis an ráiteas airgeadais reachtach, leagtar amach ar bhealach níos mionsonraithe impleachtaí buiséadacha an rialacháin atá beartaithe.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tá tuairisc ar líne ar éabhlóid allmhairí na n-earraí talmhaíochta agus leasacháin lena mbaineann de thionscnamh Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na Bealarúise san Aontas, nó onnmhairithe go díreach nó go hindíreach uathu, le fáil ar shuíomhanna gréasáin tiomnaithe de chuid an Choimisiúin Eorpaigh (Eurostat)[4].

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach.

---

4 Baile - Eurostat

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leis an rialachán atá beartaithe, chuirfí cosc ar earraí talmhaíochta áirithe agus leasacháin áirithe de thionscnamh Chónaidhm na Rúise agus Phoblacht na Bealarúise, nó onnmhairithe go díreach nó go hindíreach uathu, rochtain a fháil ar mhargadh an Aontais ar théarmaí atá chomh fabhrach leis na téarmaí a bhfuil feidhm acu maidir le hallmhairiú na n-earraí sin ó thionscnaimh eile. Dhéanfaí amhlaidh trí dhleachtanna allmhairiúcháin ar na hearraí sin go léir a ardú — trí dhleacht *ad valorem* 50 % i gcás earraí talmhaíochta agus trí tharaifí ar leasacháin a mhéadú de réir a chéile ar leibhéal dar tús EUR 40 nó EUR 45 in aghaidh an tona (ag brath ar an gcineál leasacháin) go dtí go sroichfeadh an taraif bhreise leibhéal taraife coiscthí suas le EUR 315 nó 430 in aghaidh an tona 3 bliana tar éis thús chur i bhfeidhm na mbeart sriantach. Laistigh den idirthréimhse 3 bliana, tabharfar isteach na taraifí sin ar leibhéal toirmeascach freisin i gcás ina n-allmhairítear earraí ó Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na Bealarúise os cionn méideanna sonraithe áirithe. Ina theannta sin, bheadh na hearraí sin de thionscnamh Chónaidhm na Rúise nó Phoblacht na Bealarúise nó onnmhairithe go díreach nó go hindíreach uathu faoi urchosc ó rochtain ar tharaif-chuótaí an Aontais. Leis na taraif-chuótaí sin, tugtar rochtain ar mhargadh an Aontais ar leibhéal taraife níos ísle ná na taraifí nua atá beartaithe.

2025/0021 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le modhnú a dhéanamh ar na dleachtanna custaim is infheidhme i dtaca le hallmhairí earraí áirithe de thionscnamh Chónaidhm na Rúise nó Phoblacht na Bealarúise nó onnmhairithe go díreach nó go hindíreach uathu**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bhí allmhairí an Aontais de leasacháin úiré-bhunaithe agus nítrigine-bhunaithe ó Chónaidhm na Rúise suntasach, ag 3.6 milliún tona in 2023 agus tháinig méadú suntasach orthu in 2024 i gcomparáid le 2023. Tá leibhéal allmhairí earraí talmhaíochta an Aontais ó Chónaidhm na Rúise a chumhdaítear leis an Rialachán seo (‘na hearraí talmhaíochta lena mbaineann’) réasúnta íseal i gcás fhormhór na n-earraí, ach d’fhéadfadh méadú suntasach teacht air dá leanfadh na dálaí trádála atá ann faoi láthair ar aghaidh.

(2) Léiríonn allmhairí na leasachán a chumhdaítear leis an Rialachán seo (‘na leasacháin lena mbaineann’) staid spleáchais eacnamaíoch ar Chónaidhm na Rúise faoi láthair. Thairis sin, d’fhéadfadh allmhairiú na n-earraí talmhaíochta lena mbaineann spleáchas eacnamaíoch comhchosúil agus breise a chruthú ar Chónaidhm na Rúise, ar cheart é a chosc agus a laghdú sna himthosca reatha chun margaí an Aontais a chosaint agus slándáil bia an Aontais a chosaint.

(3) Is éard atá i gcomhdheachtanna custaim *erga onmnes* an Aontais, taraifí an náisiúin barrfhabhair atá i bhfeidhm faoi láthair ar allmhairí na n-earraí talmhaíochta agus leasachán lena mbaineann. Athraíonn siad go mór faoi láthair. Ag brath ar an táirge, socraítear na taraifí sin ag nialas nó ag leibhéal an-íseal, sin nó tá siad ard cheana féin agus ní dhéantar aon trádáil.

(4) Dá leanfaí de na hearraí talmhaíochta agus na leasacháin a chumhdaítear leis an Rialachán seo a allmhairiú ó Chónaidhm na Rúise faoi na coinníollacha reatha, d’fhéadfadh an tAontas a bheith i mbaol gníomhaíochtaí comhéigneacha ó Chónaidhm na Rúise. Go háirithe, d’fhéadfadh méadú féideartha ar allmhairiú na n-earraí lena mbaineann ó Chónaidhm na Rúise cur isteach ar mhargadh an Aontais agus tionchar diúltach a imirt ar tháirgeoirí an Aontais. Is gá, dá bhrí sin, bearta taraife iomchuí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar spleáchas eacnamaíoch reatha agus ionchasach an Aontais ar allmhairiú na n-earraí sin ó Chónaidhm na Rúise. Ba cheart é sin a dhéanamh trí dheireadh a chur leis an staid reatha ina dtagann siad isteach i margadh an Aontais ar théarmaí atá chomh fabhrach céanna leis na téarmaí a chuirtear i

bhfeidhm maidir le hearraí ó thionscnaimh eile dá dtugtar cóir an náisiúin barrfhabhair.

(5) Faoi láthair, tá méadú ag teacht cheana féin ar allmhairí na leasachán lena mbaineann ó Chónaidhm na Rúise agus d'fhéadfadh méadú breise teacht orthu go tapa má atreoraítear táirgeadh breise na Rúise i dtreo an Aontais. Chuirfeadh allmhairí méadaithe féideartha den sórt sin ó Chónaidhm na Rúise isteach ar mhargadh an Aontais sna hearraí sin agus dhéanfadh siad dochar do tháirgeoirí leasacháin nítrigine an Aontais, a bhfuil deacrachtaí acu cheana féin dul in iomaíocht le hallmhairí ó Chónaidhm na Rúise toisc go bhfuil praghsanna gáis san Aontas fós ard. Tá marthanacht fhadtéarmach thionscal leasacháin nítrigine an Aontais ríthábhachtach do shlándáil bia an Aontais toisc go bhfuil na leasacháin sin de dhíth ar earnáil talmhaíochta an Aontais chun bia a tháirgeadh. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar an spleáchas ar allmhairí na leasachán lena mbaineann ó Chónaidhm na Rúise, a bhfuil méadú ag teacht air, agus inmharthanacht thionscal uathrialach leasacháin nítrigine an Aontais a chaomhnú chun slándáil bia an Aontais a áirithiú agus a choinneáil ar bun. Chun spleáchas amach anseo ar allmhairí earraí talmhaíochta ó Chónaidhm na Rúise a chosc, is gá freisin na leibhéil taraife do na táirgí sin a choigeartú.

(6) Ba cheart na bearta taraife a ghlacadh maidir le Poblacht na Bealarúise freisin chun a áirithiú nach ndéanfar allmhairí féideartha chuig an Aontas ó Chónaidhm na Rúise a atreorú trí Phoblacht na Bealarúise, i bhfianaise a dlúthnasc polaitiúil agus eacnamaíoch le Cónaidhm na Rúise. D'fhéadfadh sé sin tarlú dá bhfanfadh taraifí an Aontais ar allmhairí earraí ó Phoblacht na Bealarúise gan athrú.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, allmhairí de na hearraí talmhaíochta agus leasacháin lena mbaineann ar de thionscnamh Chónaidhm na Rúise agus Phoblacht na Bealarúise iad nó a onnmhairítear go díreach nó go hindíreach ó Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na Bealarúise a bheith faoi réir dleachtanna custaim níos airde ná allmhairí ó thríú tíortha eile.

(8) Ina theannta sin, níor cheart d'allmhairí ó Chónaidhm na Rúise ná ó Phoblacht na Bealarúise tairbhe a bhaint as taraifí níos ísle faoi tharaifí-chuótaí an Aontais, ar théarmaí chóir an náisiúin barrfhabhair. Dá bhrí sin, na rátaí laghdaithe a leagtar amach i dtaraif-chuótaí an Aontais le haghaidh na dtáirgí a leagtar amach in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an Rialachán seo, níor cheart feidhm a bheith acu maidir le táirgí de thionscnamh Chónaidhm na Rúise nó Phoblacht na Bealarúise nó onnmhairithe go díreach nó indíreach uathu isteach san Aontas.

(9) Ní mheastar go mbeidh tionchar diúltach ag an méadú atá beartaithe ar dhleachtanna custaim ar shlándáil dhomhanda bia toisc nach bhfuil feidhm ag an méadú ar tharaifí ach amháin maidir le hallmhairí isteach san Aontas agus ní dhéanann sé difear d'earraí lena mbaineann an Rialachán mura bhfuil siad ach ar idirthuras trí chríoch an Aontais chuig tríú tíortha cinn scríbe deiridh. Os a choinne sin, d'fhéadfaí onnmhairiú na dtáirgí sin chuig tríú tíortha agus infhaighteacht soláthairtí a mhéadú mar thoradh ar an méadú ar dhleachtanna allmhairiúcháin an Aontais atá beartaithe.

(10) Ag an am céanna, tá ról suntasach ag leasacháin maidir le slándáil bia agus maidir le cobhsaíocht airgeadais na bhfeirmeoirí san Aontas. Is gá, dá bhrí sin, rochtain intuartha agus leordhóthanach ar leasacháin a áirithiú, ar leibhéil praghsanna inacmhainne d'fheirmeoirí an Aontais, rud ba cheart a bheith ina rannchuidiú le cobhsú na margaí talmhaíochta. Le linn idirthréimhse, spreagfadh an beart atá beartaithe dlús a chur le táirgeadh an Aontais agus d'fhéadfaí foinsí malartacha

soláthair ó chomhpháirtithe idirnáisiúnta eile a threisiú, rud a d'íoslaghdódh an riosca go dtiocfadh méadú suntasach ar phraghsanna leasachán d'fheirmeoirí an Aontais. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar éabhlóid na bpraghsanna leasacháin ar mhargadh an Aontais. Má thagann méadú suntasach ar phraghsanna leasacháin, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an gcás agus gach beart iomchuí a dhéanamh chun an borradh sin a leigheas.

(11) Tá an méadú atá beartaithe ar dhleachtanna custaim comhsheasmhach le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais i réimsí eile, mar a cheanglaítear le hAirteagal 21(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Tá meath mór tagtha ar staid an chaidrimh idir an tAontas agus Cónaidhm na Rúise le blianta beaga anuas agus go háirithe ó 2022 i leith. Is é is cúis leis sin neamhaird fhollasach Chónaidhm na Rúise ar an dlí idirnáisiúnta agus, go háirithe, a fogha míleata gan chúis gan údar agus a hionradh iomlán ar an Úcráin. Ó mhí Iúil 2014 i leith, tá bearta sriantacha á bhforchur de réir a chéile ag an Aontas ar thrádáil le Cónaidhm na Rúise mar fhreagairt ar ghníomhaíochtaí Chónaidhm na Rúise i leith na hÚcráine.

(12) Tá Cónaidhm na Rúise ina Comhalta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála. Mar sin féin, ceadaítear don Aontas faoi láthair, de bhua na n-eisceachtaí a bhfuil feidhm acu faoin gComhaontú lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, agus go háirithe Airteagal XXI de GATT 1994 (eisceachtaí slándála), neamhaird a thabhairt ar an oibleagáid na buntáistí a dheonaítear do tháirgí comhchosúla a allmhairítear ó thíortha eile (cóir an náisiúin barrfhabhair) a thabhairt d'earraí a allmhairítear ó Chónaidhm na Rúise, agus ní chuirtear cosc air dleachtanna ar allmhairí a ghearradh atá níos airde ná na dleachtanna atá i sceideal ceangaltas taraife an Aontais ar thrádáil in earraí, i gcás ina measann an tAontas go bhfuil gá leis na bearta sin chun leasanna bunúsacha slándála an Aontais a chosaint.

(13) Tá an staid idir an tAontas agus Poblacht na Bealarúise imithe in olcas freisin le blianta beaga anuas, mar gheall ar neamhaird réimeas na Bealarúise ar an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear ar shaoirsí bunúsacha agus ar chearta an duine, agus mar gheall ar a tacaíocht d'ionradh iomlán na Rúise ar an Úcráin. Ó bhí mí Dheireadh Fómhair 2020 ann, tá bearta sriantacha á bhforchur de réir a chéile ag an Aontas ar Phoblacht na Bealarúise.

(14) Ina theannta sin, níl an Bhealarúis ina Comhalta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála. Dá bhrí sin, níl sé d'oibleagáid ar an Aontas, de bhua an Chomhaontaithe lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, cóir an náisiúin barrfhabhair agus cóir eile a thabhairt d'earraí ó Phoblacht na Bealarúise i gcomhréir leis an gComhaontú sin. Ina theannta sin, leis na comhaontuithe trádála atá ann cheana, ceadaítear gníomhaíochtaí a bhfuil bonn cirt leo ar bhonn na gclásal eisceacht is infheidhme, go háirithe eisceachtaí slándála.

(15) Ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí atá á saothrú a ghnóthú, i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, is gá agus is iomchuí rialacha a leagan síos lena méadófar taraifí ar na hearraí sin le héifeacht láithreach, ar an gcéad dul síos chun an bunchuspóir a bhaint amach, is é sin a áirithiú nach gcuirfidh na hearraí talmhaíochta agus na leasachán lena mbaineann ar de thionscnamh Chónaidhm na Rúise agus Phoblacht na Bealarúise iad nó a onnmhairítear go díreach nó go hindíreach uathu isteach ar mhargadh an Aontais do na hearraí sin; agus ar an dara dul síos chun an Comhbheartas Tráchtála a chur chun feidhme agus allmhairí na n-earraí agus na leasachán sin ón Aontas ó Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na

Bealarúise a laghdú mar fhreagairt ar ábhair imní go bhféadfadh allmhairí den sórt sin tionchar diúltach a imirt ar mhargadh inmheánach an Aontais agus dochar a dhéanamh do shlándáil bia an Aontais,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Earraí a aicmítear sna cóid Ainmníochta Comhcheangailte (AC) a liostaítear in Iarscríbhinn I a allmhairítear isteach san Aontas agus ar de thionscnamh Chónaidhm na Rúise nó Phoblacht na Bealarúise iad nó a onnmhairítear go díreach nó go hindíreach ó Chónaidhm na Rúise nó ó Phoblacht na Bealarúise, beidh siad faoi réir dleacht chustaim taraife bhreise 50 % *ad valorem* a mbeidh feidhm aici sa bhreis ar an ráta Comhtharaife Custaim is infheidhme. Earraí den sórt sin ar de thionscnamh Chónaidhm na Rúise nó Phoblacht na Bealarúise iad nó a onnmhairítear go díreach nó go hindíreach ó Chónaidhm na Rúise nó ó Phoblacht na Bealarúise, ní bheidh siad incháilithe le haghaidh dleachtanna ar allmhairí níos ísle i gcás cainníochtaí teoranta (cuótaí ráta taraife), de réir mar atá feidhm acu, toisc go gceanglaítear iad le hoibleagáidí an Aontais faoin gComhaontú lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, nó toisc gur oscail an tAontas iad gan oibleagáid den sórt sin.

2. Earraí a aicmítear sna línte taraife a liostaítear in Iarscríbhinn II a allmhairítear isteach san Aontas agus ar de thionscnamh Chónaidhm na Rúise nó Phoblacht na Bealarúise iad nó a onnmhairítear go díreach nó go hindíreach ó Chónaidhm na Rúise nó ó Phoblacht na Bealarúise, beidh siad faoi réir dleacht allmhairiúcháin mar a leanas:

(a) maidir leis na hearraí a thagann faoi chód AC 3102:

(i) 6,5 % *ad valorem* + EUR 40/tona ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026;

(ii) 6,5 % *ad valorem* + EUR 60/tona ón 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2027;

(iii) 6,5 % *ad valorem* + EUR 80/tona ón 1 Iúil 2027 go dtí an 30 Meitheamh 2028;

(iv) 6,5 % *ad valorem* + EUR 315/tona ón 1 Iúil 2028.

(b) maidir leis na hearraí a thagann faoi chóid AC 3105 20, 3105 30, 3105 40, 3105 51, 3105 59 agus 3105 90:

(i) 6,5 % *ad valorem* + EUR 45/tona ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026;

(ii) 6,5 % *ad valorem* + EUR 70/tona ón 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2027;

(iii) 6,5 % *ad valorem* + EUR 95/tona ón 1 Iúil 2027 go dtí an 30 Meitheamh 2028;

(iv) 6.5 % *ad valorem* + EUR 430/tona ón 1 Iúil 2028.

(c) D'ainneoin phointí (a) agus (b), má shroicheann méideanna carnacha allmhairí na n-earraí a liostaítear i bpointí (a) agus (b) na tairseacha a leagtar amach thíos, forchuirfidh an Coimisiún, laistigh de 21 lá, dleacht ar an leibhéal a shainítear faoi phointe (a)(iv) nó (b)(iv) faoi seach, i gcás na n-allmhairí de na hearraí sin atá fágtha le linn na tréimhse áirithe seo a leanas:

(i) 2,7 milliún tona ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026;

(ii) 1,8 milliún tona ón 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2027;

(iii) 0,9 milliún tona ón 1 Iúil 2027 go dtí an 30 Meitheamh 2028.

(d) Féadfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na socruithe chun faireachán a dhéanamh ar na méideanna allmhairí dá dtagraítear i mír 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 2*

1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar phraghsanna na n-earraí a liostaítear in Iarscríbhinn II atá infheidhme san Aontas le linn 4 bliana ó chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. I gcás inar mó go mór leibhéil praghsanna na n-earraí a liostaítear in Iarscríbhinn II ná leibhéil 2024 sa tréimhse dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an gcás agus déanfaidh sé gach gníomhaíocht iomchuí chun an borradh sin a leigheas. Féadfar a áireamh leis sin, más iomchuí, a mholadh go gcuirfí ar fionraí go sealadach taraifí i gcás earraí lena mbaineann a allmhairítear ó thíortha tionscnaimh seachas Cónaidhm na Rúise agus Poblacht na Bealarúise.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Beidh feidhm aige 4 seachtaine tar éis dó teacht i bhfeidhm i ndáil leis na hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn I.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

AINM AN TOGRA:

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena ndéantar modhnú ar dhleachtanna custaim a bhfuil feidhm leo i ndáil le hallmhairí earraí áirithe de thionscnamh Chónaidhm na Rúise nó Phoblacht na Bealarúise nó onnmhairithe go díreach nó go hindíreach uathu

LÍNTE BUISÉID:

Caibidil agus airteagal: Caibidil 12, Airteagal 120.

An méid arna bhuiséadú le haghaidh 2024: EUR 24 620 400 000.

TIONCHAR AIRGEADAIS:

☐ Ní bheidh aon impleacht airgeadais ag an togra

X Níl aon tionchar airgeadais ag an togra ar chaiteachas ach tá tionchar airgeadais aige ar ioncam acmhainní dílse traidisiúnta, ar na cúiseanna seo a leanas.

In 2023, breis EUR 1,69 billiún a bhí i luach iomlán allmhairí an Aontais ó Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na Bealarúise a mhéid a bhaineann leis na cóid AC atá faoi raon feidhme an Rialacháin seo agus atá faoi réir an mhéadaithe atá beartaithe. As an iomlán sin, EUR 380 milliún a bhí in allmhairí earraí talmhaíochta agus EUR 1,31 billiún a bhí in allmhairí leasachán.

Tá allmhairí leasachán lena mbaineann ó Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na Bealarúise faoi réir taraif *ad valorem* 6,5 % faoi láthair. Is faoi chód AC 3102 10 10 a rinneadh formhór na n-allmhairí leasacháin in 2023 (EUR 516 mhilliún). Rinneadh allmhairí suntasacha freisin faoi chóid AC 3105 30 00 (EUR 179 milliún), 3105 20 10 (EUR 151 mhilliún), 3105 40 00 (EUR 91 mhilliún) agus 3 105 59 00 (EUR 89 milliún). Ba é EUR 85,2 milliún an t-ioncam taraife foriomlán a bhí ag an Aontas ó allmhairí leasacháin ó Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na Bealarúise, sula ndearna na Ballstáit na costais bhailiúcháin a asbhaint.

Tá allmhairí na dtáirgí talmhaíochta lena mbaineann faoi réir dleachtanna éagsúla. Ba é EUR 27 milliún an t-ioncam taraife foriomlán a bhí ag an Aontas ó allmhairí na n-earraí sin ó Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na Bealarúise in 2023, sula ndearna na Ballstáit na costais bhailiúcháin a asbhaint. I gcás na n-earraí talmhaíochta sin, meastar go dtiocfaidh laghdú suntasach ar na sreafaí trádála sin nó go gcuirfear deireadh leo fiú de bharr an mhéadaithe ar tharaifí leis an rialachán seo atá beartaithe. Meastar nach mbaileofar ach fíorbheagán dleachtanna custaim méadaithe a chomhfhreagraíonn do na méaduithe atá beartaithe ar earraí talmhaíochta (gar do nialas), toisc go meastar go dtiocfaidh deireadh le sreafaí trádála mar gheall ar an méadú ar leibhéil na dtaraifí.

Meastar go dtiocfaidh deireadh le bailiú dleachtanna custaim méadaithe a chomhfhreagraíonn do na méaduithe atá beartaithe ar leasacháin nuair a thiocfaidh an rialachán atá beartaithe i bhfeidhm ina iomláine ag deireadh na hidirthréimhse 3 bliana, toisc go meastar go dtiocfaidh deireadh le sreafaí trádála mar gheall ar an méadú ar leibhéil na dtaraifí. Mar sin féin, meastar go bhfanfaidh na sreafaí trádála sin agus na dleachtanna custaim gaolmhara substaintiúil le linn na hidirthréimhse.

Ar bhonn na dtosca thuasluaite meastar gurb é EUR 84 milliún in aghaidh na bliana an tionchar a bheidh ag an Rialachán seo ar chaillteanas ioncaim do bhuiséad an Aontais

Eorpaigh ón mbliain airgeadais 2029: [(EUR 85,2 milliún + EUR 27 milliún) = ollmhéid EUR 112,2 milliún, lena n-áirítear costais bhailiúcháin] x 0,75.

Le haghaidh 2025, 2026, 2027 agus 2028, meastar go mbeidh an tionchar a bheidh ag caillteanas ioncaim acmhainní dílse traidisiúnta do bhuiséad an Aontais i bhfad níos ísle ná an méid a ríomhtar do 2028. Is amhlaidh atá toisc go bhfuiltear ag súil go dtabharfaidh dleachtanna méadaithe ar leasacháin ioncam taraife breise EUR 77 milliún in aghaidh na tréimhse 12 mhí (tar éis costais bhailiúcháin a asbhaint), rud a chuirfidh le méadú EUR 58 milliún ar acmhainní dílse. Dá bhrí sin, meastar nach mbeidh an glanlaghdú ar acmhainní dílse níos airde ná EUR 26 mhilliún sa chéad tréimhse 12 mhí den iarratas (1 Iúil 2025 – 30 Meitheamh 2026), rud a chomhfhreagraíonn do EUR 14 mhilliún don chuid eile den bhliain 2025. D'fhéadfadh méadú teacht ar acmhainní dílse fiú má dhéantar an laghdú ar allmhairí ó Chónaidhm na Rúise a mheaitseáil go páirteach le hallmhairí ó thríú tíortha eile nach dtairbhíonn d'fhabhair tharaife faoi chomhaontuithe saorthrádála an Aontais.

Is trí bhíthin Ollioncam Náisiúnta (OIN) na mBallstát, agus é bunaithe ar ranníocaíochtaí acmhainní dílse, a chúiteofar caillteanas ioncaim in acmhainní dílse traidisiúnta.